


# Ceann an Aonaid um Beartas & Taighde Ionchúisimh Comórtas 2022

**Tá an-áthas orainn ár gcomórtas do**  
**Cheann an Aonaid um Beartas & Taighde Ionchúisimh**

 **Dáta Deiridh: 21 Deireadh Fómhair 2022**

 **Am Deiridh: 3:30in**

**Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí**

*Léigh go cúramach le do thoil*

Tá Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus spreagann sí iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí agus taithí éagsúil acu. Tá faisnéis bhreise ar éagsúlachtaí sonracha sa rannán “Conas Iarratas a Dhéanamh”.

<https://www.dppireland.ie/working-with-us>

Reáchtálfaidh Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí an comórtas seo de réir an Chóid Chleachtais um Cheapacháin chun Post sa Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí ullmhaithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).

Foilsíonn an CPSA cóid chleachtais agus tá siad ar fáil ar [www.cpsa.ie](http://www.cpsa.ie)

TEAGMHÁIL: [Recruitment@dppireland.ie](mailto:Recruitment@dppireland.ie)

## CLÁR ÁBHAIR

---

CLÁR ÁBHAIR.....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
AN OIFIG .....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
AN TAONAD AGUS AN RÓL.....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
TEICNIÚIL/GAIRMIÚIL.....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
RIACHTANACH .....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
INMHIANAITHE .....	6
INCHÁILITHEACHT CHUN DUL IN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR CHÁILITHEACHT..	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE - CEANN AN AONAIID UM BHEARTAS IONCHÚISIMH AGUS TAIGHDE .....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN.....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN .....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
CEARTA IARRTHÓIRÍ - NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE MAIDIR LEIS AN BPRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN.....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
OIBLEAGÁIDÍ NA NIARRTHÓIRÍ.....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
NA HACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ .....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
AGUISÍN1: INNIÚLACHTAÍ .....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.

## Ceann an Aonaid um Bheartas Ionchúisimh agus Taighde in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Éilíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí dlíodóir sinsearach chun post buan Cheann an Aonaid um Bheartas Ionchúisimh agus Taighde (PPRU) inár Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh. Is ionann an ról seo agus Príomhoifigeach Níos Airde agus tuairisceoidh sé chuig an gCeann Rannóige ag leibhéal an Rúnaí Cúnta.

### An Oifig

---

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le dlí faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Tá an Stiúrthóir neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna. Is é ár Ráiteas Misin ná Seirbhís Ionchúisimh a chur ar fáil thar ceann Phobal na hÉireann atá neamhspleách, cothrom agus éifeachtach.

Forfheidhmíonn an Stiúrthóir an dlí coiriúil sna cúirteanna ar son Mhuintir na hÉireann; stiúránn agus déanann sé/sí maoirseacht ar ionchúisimh phoiblí ar díotáil sna cúirteanna; agus tugann sé/sí treoir ghinearálta agus comhairle don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre mar aon le treoir shainiúil ina leithéid de chásanna nuair a iarrtar sin.

Tá ceithre rannóga ag Oifig an Stiúrthóra na Ionchúiseamh Poiblí:

1. Tá an **Rannóg Stiúrthafreagrach** as stiúradh foriomlán imeachtaí coiriúla tromchúiseacha..
2. Tá **Rannóg na nDlíodóirí** freagrach as an tseirbhís dlíodóirí a sholáthar i mBaile Átha Cliath don Stiúrthóir.
3. Tá **Rannóg na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh** freagrach as tacú leis an obair ionchúisimh choiriúil i réimsí an dlí idirnáisiúnta, idirchaidrimh le híospartaigh agus beartas agus taighde.
4. Tá **Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha** freagrach as cuspóirí foriomlána na hOifige a chumasú agus cur leo trí raon feidhmeanna tacaíochta corparáidí a chur i bhfeidhm.

Déanann ball den Fhoireann Ardbhainistíochta maoirsiú ar gach Rannóg den Oifig. Tá na hAonaid agus na Rannáin i ngach Rannóg á mbainistiú ag comhaltaí den Bhord Bainistíochta agus daoine a bhfuil scileanna agus cúlraí éagsúla acu mar fhoireann. Tá cur síos mionsonraithe ar obair gach ceann de rannóg na hOifige ar fáil ar ár suíomh gréasáin, <https://www.dppireland.ie/about-us/our-organisation>.

Is fostóir cuimsitheach forásach í Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a fhreagraíonn do riachtanais agus roghanna a lucht saothair trína beartais agus a cleachtais fostaíochta. Mar fhostóir, ba mhaith linn daoine maithe a mhealladh agus a choinneáil. Ciallaíonn sé seo cúram a thabhairt dár bhfostaithe. Níl sa ghairm bheatha thaitneamhach dhúshlánach ach ceann amháin de na buntáistí a bhainfidh tú taitneamh as má théann tú isteach san Oifig. Tá go leor beartais oibre a thacaíonn le teaghlaigh againn lena n-áirítear deiseanna d'obair chumaisc.

Is eagraíocht foghlama muid a bhfuil tiomantas láidir againn don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach. Cuirimid raon deiseanna foghlama agus comhroinnta eolais ar fáil chun é seo a chumasú lena n-áirítear rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre tras-rannóige agus seachtracha san Earnáil Ceartais Coiriúil.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ag: [Ag Obair Linn](#).

## An tAonad agus an Ról

Tá an tAonad um Bheartas Ionchúisimh agus Taighde (PPRU) ina suí sa **Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh** (PSSD). Cuireann an tAonad go mór le Ráiteas Straitéise na hOifige 2022-2024, go háirithe Spriocanna 1 agus 4 i réimse an tsoláthair seirbhíse agus an chomhoibrithe.

Mar chuid den PSSD, stiúrfaidh Ceannaire an PPRU foirne a sholáthraíonn seirbhísí a thacaíonn le: forbairt beartais ionchúisimh straitéiseach ar fud na hoifige; rannpháirtíocht sheachtrach na hOifige ar chúrsaí dlí agus ar bheartas dlí; taighde dlí; bainistíocht eolais; agus leabharlann. Oibríonn an fhoireann freisin in éineacht leis an Aonad HR & OD i réimsí na hoiliúna dlí agus Chlár Intéirneach na hOifige.

Is príomhtheagmhálaí é an tAonad do raon leathan páirtithe leasmhara seachtracha lena n-áirítear ranna agus gníomhaireachtaí rialtais na hÉireann; comhlachtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear na NA, Comhairle na hEorpa, AE, ach gan a bheith teoranta dóibh; agus comhlachtaí sochaí sibhialta intíre agus idirnáisiúnta.

Feidhm thábhachtach de chuid an Aonaid is ea tacú le hobair na Foirne Bainistíochta Sinsearach maidir le beartas dlí agus rannpháirtíocht sheachtrach. Tá ról tacaíochta agus comhordaithe ag an Aonad ag obair le saineolaithe ábhair sna réimsí oibríochtúla dlí agus iad ag dul i ngleic le speisialtóireacht agus castacht mhéadaitheach sa dlí coiriúil. San obair seo, cuireann an tAonad maoirseacht agus comhsheasmhacht ar fáil do rannpháirtíocht páirtithe leasmhara san earnáil ceartais choiriúil intíre agus idirnáisiúnta an DPP. Tá príomhról ag an Aonad freisin maidir le tacú le sainfhoirne trasfheidhme laistigh den Oifig.

Tá an tAonad ag tógáil acmhainn foirne le blianta beaga anuas. Faoi láthair tá deichniúr ball foirne san Aonad ag obair go trasfheidhmeach chun seirbhísí an Aonaid a sheachadadh. Cuimsíonn an fhoireann gráid iolracha agus sruthanna gairmiúla lena n-áirítear dlíodóirí, leabharlannaí dlí, céimithe dlí agus gráid ghinearálta. Sanntar freagrachtaí bainistíochta daoine ar fud an Aonaid agus bíonn dhá thuarascáil dhíreacha ag Ceann an Aonaid.

Is deis í seo do dhlíodóir sinsearach nó saineolaí beartais ar ardchaighdeán a bhfuil taithí léirithe aige/aici chun ceannaireacht a dhéanamh ar Aonad a bhfuil sainordú aige taighde agus cumarsáid a dhéanamh agus seasaimh bheartais inmheánacha agus sheachtracha a fhorbairt ar raon leathan de chúrsaí ionchúisimh.

### Freagrachtaí sonracha:

- i. I gcomhthéacs na réimsí oibre thuas, straitéisí agus plean gnó an Aonaid a fhorbairt agus a thiomáint, ag soláthar ceannaireacht straitéiseach don fhoireann, ag rannchuidiú go réamhghníomhach leis an Oifig a bhaint amach;
- ii. Monatóireacht agus forbairt a dhéanamh ar chumas agus ar inniúlacht ar fud na foirne trí tharmligean éifeachtach, oiliúint agus meantóireacht chun cabhrú le haistriú scileanna;
- iii. Coinneáil suas chun dáta le forbairtí dlí agus beartais san earnáil ceartais choiriúil ag cinntiú an cumas chun treoir a thabhairt agus cinntiú oibríochtúla tráthúla a dhéanamh ar shaincheisteanna ábhartha;
- iv. Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta agus cleachtais oibre ar leibhéal aonaid agus trasoifige a cheadaíonn na haschuir taighde agus beartais is fearr is féidir a tháirgeadh lena n-áirítear bainistíocht tionscadal mórstaidéir agus tionscadail taighde;
- v. Tacaíocht dhíreach a sholáthar don Stiúrtóir agus don Fhoireann Bainistíochta Sinsearach maidir le beartas dlí, taighde agus mionteagasc rannpháirtíochta;

- vi. Comhordú ar rannpháirtíocht chomhsheasmhach agus chuiditheach le páirtithe leasmhara na hearnála ceartais choiriúil intíre agus idirnáisiúnta a thiomáint agus a bhainistiú, lena n-áirítear dréachtú an ábhair;
- vii. Cláir oibre agus tascanna iolracha a bhainistiú agus a threorú go héifeachtach, ag leithdháileadh acmhainní go cuí chun seachadadh agus forbairt na seirbhísí a sholáthraíonn an tAonad a chinntiú;
- viii. Tá príomhról aige i bhforbairt straitéisí ODPP trí rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscnaimh athraithe agus rannpháirtíocht ar an mBord Bainistíochta;
- ix. Misean, Fís agus Luachanna na heagraíochta a chur chun cinn trí fhéinbhainistíocht agus trí bhainistíocht foirne;
- x. Feidhmeanna eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó am go ham go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun cuspóirí gnó na hOifige a chomhlíonadh.

Chomh maith le saineolas dlíthiúil agus teicniúil, teastaíonn scileanna láidre tionchair agus planála ón iarrthóir rathúil agus cumas daoine a thabhairt le chéile chun torthaí a bhaint amach agus chun caidreamh a chothú. Tabharfaidh an ról deis chun raon tionscadal agus tionscnamh a fhorbairt agus cur leo go himmheánach agus ag leibhéal straitéiseach agus sinsearach.

*Toisc gurb é príomhghnó na hOifige ionchúiseamh na coireachta, beidh roinnt teagmhála ag gach ball foirne dlí a fhostaíonn an Oifig le comhaid ionchúisimh, a bhféadfadh ábhar de chineál anacair a bheith iontu.*

## **Saineolas agus Inniúlachtaí don Ról**

Beidh ról rithábachtach ceannaireachta ag an iarratasóir rathúil maidir le bainistiú a dhéanamh ar thorthaí agus seachadadh ar ardchaighdeán i dtimpeallacht dhúshlánach dhinimiciúil. Beidh sealbhóir an phoist féintiomáinte agus an taithí aige ar rannchuidiú go héifeachtach le treo straitéiseach eagraíochta agus beidh an cumas aige an fhoireann a spreagadh chun spriocanna agus spriocdhátaí uailmhianacha a bhaint amach. Mar sin, ba cheart go mbeidís in ann a léiriú go bhfuil an cumas acu, nó gur féidir leo a fháil go tapa, déileáil le gach gné den obair ag an leibhéal seo.

Ní mór d'iarrthóirí freisin na príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíochta éifeachtach ag an leibhéal seo a bhfuil mionsonraí orthu in [Aguisín 1](#) a léiriú.

## **Teicniúil/Gairmiúil**

### **Riachtanach**

---

Ní mór d'iarrthóirí, ar nó roimh an 21 Deireadh Fómhair 2022 a bheith cláraithe mar Aturnae sa Stát nó a bheith glaoite chun an Bharra le 5 bliana ar a laghad de thaithí mar Aturnae nó Abhcóide.

### **NÓ**

Taithí 5 bliana ar a laghad a bheith agat i ról polasaí sinsearach san earnáil ceartais choiriúil níos leithne nó in eagraíocht inchomparáide.

Ní mór do na hiarrthóirí an méid seo a leanas a léiriú freisin:

- i)** Tuiscint ar an dlí coiriúil, ar an gcóras ceartais choiriúil in Éirinn lena n-áirítear ról an DPP; agus prionsabail ionchúisimh intíre agus idirnáisiúnta.
- ii)** Cumas chun máistreacht a fháil go tapa ar mhionteagasc leathan; líon mór faisnéise a chomhshamlú agus teacht ar sheasaimh shoiléire.
- iii)** Scileanna cumarsáide, líonraithe agus tionchair, de réir mar is gá chun feidhmiú ag leibhéal sinsearach.
- iv)** Scileanna láidre anailíse agus cinnteoireachta a léiriú.
- v)** Teist de bheith ina dhuine féin-thosaithe le treoshuíomh láidir torthaí agus cumas seachadadh de réir spriocdhátaí éilítheacha.
- vi)** Taithí bainistíochta daoine agus ceannaireachta.
- vii)** Scileanna láidre eagrúcháin agus léirthuisctint ar an tábhacht a bhaineann le bainistíocht athraithe agus digitíú chun feabhsú agus athchóiriú leanúnach a sholáthar.

## **Inmhianaithe**

---

- i)** Scileanna bainistíochta tionscadail agus seachadadh tionscadal mór.
- ii)** Eolas ar mhodheolaíochtaí taighde príomhúla agus tánaisteacha (cainníochtúil agus cáilíochtúil)
- iii)** Taithí ar bheartas a mheasúnú agus a fhorbairt.
- iv)** Taithí oibre i roinnt eagraíochtaí.
- v)** Taithí ar straitéisí gnó a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go rathúil, tuiscint ar bhainistíocht riosca agus tiomáint inléirithe agus tiomantas chun dea-chleachtas a fheabhsú
- vi)** Cáilíocht iarchéime i réimse a bhaineann le hobair an Aonaid nó i Straitéis, Ceannaireacht nó Bainistíocht

Ba cheart d'íarrthóirí a thabhairt faoi deara nach gciallaíonn iontráil ar an gcomórtas go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Mar sin, ba cheart d'íarrthóirí iad féin a shásamh go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta don chomórtas seo.

## **Incháilitheacht chun dul in Iomaíocht agus Srianta Áirithe ar Cháilitheacht**

---

### **Riachtanais Saoránachta**

Ní mór d'íarrthóirí Incháilithe a bheith:

- a)** Is saoránach é/í den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- b)** Is saoránach é/í den Ríocht Aontaithe (RA); nó
- c)** Is saoránach na hEilvéise é/í de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- d)** Is saoránach neamh-LEE é/í atá ina chéile/céile nó ina pháiste/páiste shaoránach LEE nó na hEilvéise agus tá víosa stampa 4 aige/aici; nó

## Ceann an Aonaid um Bheartas Ionchúisimh & Taighde in Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí

- e) Is duine é/í dá ndámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó is ball teaghlaigh ar bith é/í atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus tá víosa stampa 4 aige/aici nó
- f) Is saoránach neamh-LEE é/í atá ina thuismitheoir/tuismitheoir linbh chleithiúnaigh ar saoránach é/í de bhallstát LEE nó na hEilvéise, agus tá sé/sí ina chónaí ansin, agus tá víosa stampa 4 aige/aici

Chun cáiliú ní mór d'iarthóirí ceann de na critéir saoránachta thuas a chomhlíonadh roimh dháta aon tairiscint poist.

## Comhaontú Comhchoiteann Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifig Phearsanra, tugadh Comhaontú Comhchoiteann isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCearchumann maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Is coinníoll é den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuir sa tSeirbhís Phoiblí ag comhlacht na Seirbhíse Poiblí ar bith (de réir mar atá sainmhínithe ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 - 2011) le haghaidh thréimhse 2 bliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh athfhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (tréimhse na neamh-incháilitheachta as feidhm) agus ní mór toiliú an Aire a fháil sula bhfostaítear aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí.

## An Scéim Luathscóir Dhreasaithe (ISER):

Is coinníoll é den Scéim Luathscóir Dhreasaithe (ISER) mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine ar scor cáilithe, faoin Scéim sin, iarratas a chur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir le daoine ar scor mar sin iarratas a chur isteach ar an bpost seo.

## Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):

Le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte agus Leanaí dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh Scéim Sprice um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach (VRS) isteach. Is coinníoll é den Scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuir san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe ina iomláine nó i bpáirt le hairgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoin VRS, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh thréimhse 7 mbliana, agus ina dhiaidh sin teastóidh ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun aon athfhostú. Níl daoine a bhain leas as ceachtar de na scéimeanna seo i dteideal dul san iomaíocht sa chomórtas seo..

## An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Imlitir LG(P) 06/2013)

Le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil tugadh Scéim um Iomarcaíocht Dheonach isteach le haghaidh Údarais Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dár dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sainiúil é den Scéim VER nach mbeidh daoine cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuir i gcomhlacht na Seirbhíse Poiblí ar bith [de réir mar atá sainmhínithe ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 - 2011 agus ag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] le haghaidh thréimhse 2 bliain tar éis dháta a n-imeachta faoin Scéim



## Ceann an Aonaid um Bheartas Ionchúisimh & Taighde in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

sin. Ina dhiaidh sin, beidh gá le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh athfhostú. Tá na coinníollacha sin infheidhme freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

### Dearbhú:

Éileofar ar iarratasóirí chun a dhearbhú cé acu ar bhain nó nár bhain siad leas as scéim na Seirbhíse Poiblí de luathscor dreasaithe. Éileofar ar iarratasóirí freisin chun aon teidlíochtaí a dhearbhú maidir le sochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (mar íocaíocht nó caomhnaithe) as fostaíocht eile ar bith sa tSeirbhís Phoiblí nó nuair a fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith sa tSeirbhís Phoiblí.

## PríomhChoinníollacha Seirbhíse - Ceann an Aonaid um Bheartas Ionchúisimh agus Taighde

### Ginearálta

Tá an ceapachán faoi réir Achtanna Rialacháin na Státseirbhíse 1956 go 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire maidir leis an Stát-Sheirbhís.

### Pá

Seo a leanas tuarastal an phoist:

Scála Pá PPC (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) le héifeacht ó 1 Feabhra 2022:

€98,593    €102,652    €106,732    €110,802    €114,272    €117,928 (LS1)    €121,586 (LS2)

Tá feidhm ag an ráta PPC nuair a cheanglaítear ar an duine Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht príomhscéim ar shlí eile) de réir rialacha a bpríomhscéim/scéim aoisliúntais phearsanta. Ní hionann é seo agus ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanáí nó Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC). Beidh ráta difriúil i bhfeidhm nuair is státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí a earcaíodh roimh 6 Aibreán 1995 agus **nach gceanglaítear** air Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh. D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (LS1) agus 6 bliana (LS2) de sheirbhís shásúil ar ghrád uasta an scála.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist, más státseirbhíseach nó státseirbhíseach ar seirbhís é an ceapaí, díreach roimh an gceapachán.

Faoi réir feidhmíocht shásúil d'fhéadfadh go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

Aontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó speansais de réir Imlitir 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Caiteachais a dhéantar do Bhaill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí.

### **Tionacht agus Promhadh**

Féadfaidh an ceapachán a bheith i bpost buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís. Féadfar Ordú Fiúntais do phoist shealadacha agus bhuana ag Príomhleibhéal Ardleibhéil in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a bhunú ón gcomórtas seo.

Mairfidh an conradh promhaidh do phost buan ar feadh tréimhse bliana ón dáta a shonraítear ar an gconradh. Beidh an conradh le haghaidh poist shealadach ar feadh tréimhse a shonrófar sa chonradh.

D'ainneoin na míre seo agus na míre díreach ina dhiaidh thíos, ní choiscfidh sé sin síneadh a chur leis an gconradh promhaidh in imthosca iomchuí.

Coimeádann an Oifig an ceart cinneadh a dhéanamh ordú fiúntais a bhunú tar éis an chomórtais seo as a dtiocfaidh aon fholúntas do Cheann an Aonaid um Bheartas Ionchúisimh agus Taighde laistigh de thréimhse 18 mí ó fhoirmiú an oird fiúntais a líonadh. Ní bhreithneofar iarrthóirí ar tairgeadh post dóibh cheana féin ón gcomórtas seo le haghaidh folúntais amach anseo. Ó am go chéile, b'fhéidir go n-éileimid Príomh-Ionchúisitheoirí Sinsearach le haghaidh conradh téarma seasta (FTC). Má tharlaíonn sé sin, féadfaidh an Oifig ról den sórt sin a thairiscint d'iarrthóirí ar an ord fiúntais seo. Fanfaidh iarrthóirí a dtairgtear post FTC dóibh ón bhfeachtas seo á mbreithniú le haghaidh aon phoist bhuana amach anseo.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh do fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ag do stiúrthóir(i) chun a chinneadh an bhfuil:

- i)** Tú feidhmithe ar bhealach sásúil;
- ii)** Tú sásúil san iompar ginearálta; agus
- iii)** Tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de agus aird ar leith ar shaoire bhreiteachta.

Sula gcríochnófar an conradh promhaidh déanfar cinneadh cibé an gcoimeádfar nó nach gcoinneofar thú de bhun Alt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005. Beidh an cinneadh seo bunaithe ar d'fheidhmíocht arna measúnú i gcoinne na gcritéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Míneoidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí mionsonraí an phróisis phromhaidh duit agus tabharfar cóip duit de Threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar Phromhadh.

D'ainneoin na míreanna roimhe seo san alt seo, féadfar an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha ag ceachtar taobh de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

I gcúinsí áirithe féadfar do chonradh a fhadú agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí an síneadh a chomhaontú.

## Ceann an Aonaid um Bheartas Ionchúisimh & Taighde in Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí

- Tá an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Uchtála
- Maidir le fostaí as láthair ar Shaoire Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, féadfaidh an fostaí a éileamh go gcuirfí promhadh ar fionraí mura meastar an neamhláithreacht a bheith comhsheasmhach le leanúint den phromhadh
- Féadfar an promhadh a chur ar fionraí i gcásanna mar asláithreacht de bharr breoiteachta neamh-athfhillteach

Féadfaidh an fostaí, sna cúinsí seo, iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir ar shíneadh le tréimhse an chonartha.

Má bhíonn ceapaí a mhainníonn na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh ina státseirbhíseach ag fónamh díreach sular ceapadh ón gcomórtas seo é, is iondúil go n-eascróidh ceist na frithdhílse. I gcás frithdhílse, fillfidh oifigeach ar fholúntas ina ghrád roimhe sin ina Roinn roimhe seo.

### Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015 maidir le foirceannadh na fostaíochta mar gheall ar dhul in éag an chonartha téarma shocraithe amháin gan é a athnuachan.

### Dualgais

Ceanglófar ar an oifigeach aon dualgais a oireann don phost a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh. Ní fhéadfaidh an t-oifigeach gabháil do chleachtadh príobháideach ná baint a bheith aige le haon ghnó seachtrach

a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil nó a bheadh contrártha ar bhealach ar bith leis an bpost ina bhfuil an t-iarrthóir ceaptha.

### Láthair

Tá an Oifig i mBaile Átha Cliath. D'fhéadfadh go mbeadh gá le freastal ar ghnó oifigiúil in áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Nuair a bheidh sé as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dhualgas oifigiúil, beidh costais taistil agus liúntais chothaithe chúí i bhfeidhm de réir rialacháin na státseirbhíse.

### Uaireanta Freastail

Socrófar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine nó 35 uair glán in aghaidh na seachtaine. Beidh sé riachtanach don iarrthóir rathúil a leithéid d'uaireanta breise a oibriú ó am go ham agus a d'fhéadfadh a bheith réasúnta agus riachtanach d'fhonn a chuid/cuid dualgas a fheidhmiú go ceart faoi réir ag na teorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um am oibre. Leis an ráta luacha saothair atá iníoctha clúdaítear aon dliteanas um fhreastal breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

### Saoire Bhliantúil

30 lá a bheidh sa liúntas saoire bliantúla. Tá an lamháltas sin, atá faoi réir ag na coinníollacha gnáthúla maidir le saoire bhliantúil a dheonú, bunaithe ar sheachtain chúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh leis.

## Saoire Bhreiteachta

Beidh pá le linn asláithreacht bhreiteachta deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, i bhfeidhm ar bhonn pro-rata, de réir na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breiteachta) (IR 124 de 2014), na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breiteachta) (Leasú) 2015 (IR 384 de 2015) agus aon ciorclán ábhartha

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú ag údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach chuig Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí. Beidh íocaíocht le linn breiteachta faoi réir ag an oifigeach ag déanamh na n-éileamh riachtanach ar shochar árachais shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

## Aoisliúntas agus Dul ar Scor

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí mar atá sa Státseirbhís a thairiscint don iarrthóir rathúil nuair a thairgfear ceapachán dó/di. Go hiondúil, déanfar ceapachán a thairiscint do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallaíocht de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag [www.singlepensionscheme.gov.ie](http://www.singlepensionscheme.gov.ie)

Sa chás gur oibrigh an cheapaí i bpost inphinsin (neamh-Scéim Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtainí roimh an gceapachán nó atá ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i gceist. Bunófar teidlíocht pinsin na ndaoine a cheapfar i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha agus an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, 66 bliain d’aois faoi láthair.
- Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí scéime éirí as nuair a shroicheann siad 70 bliain d’aois.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn méid pinsin agus cnapshuime gach bliain agus déantar iad a uasghrádú gach bliain faoi threoir CPI).
- Tá méaduithe pinsin iar-scoir nasctha le CPI

## Laghdú Pinsin

Má bhí an cheapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go bhfuil pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí á íoc beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha lacáiste, nuair is cuí. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaitheach le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i leith ceapacháin chuig an bpost seo.**

- Mar sin féin, má bhí an cheapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus dá mbronnadh pinsean air faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó Ciorclán na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil LG(P) 06/2013, a fhágann go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha.

## Ceann an Aonaid um Bheartas Ionchúisimh & Taighde in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Féadfar, áfach, socruithe speisialta a dhéanamh chun seirbhís roimhe sin a thug an ceapaí a ríomh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe ina leith.

- **Ciorclán 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna faoin Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadú ciorclach ábhartha, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus go bhfuil sé/sí fostaithe ina dhiaidh sin in aon cháil in aon limistéar den earnáil phoiblí, scoirfidh láithreach d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Déanfar íocaíochtaí pinsin a atosú, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhir an duine mar mhúinteoir (s.é. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).

- **Droch-Shláinte-Scoir**

Tabhair faoi deara, le do thoil, go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar fhorais easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais a dhearbhu, ag an gcéim iarratais tosaigh, go bhfuil siad ag fáil pinsean den sórt sin don eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta.

Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an CEM chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar a mheas agus an riocht ina bhfuil siad cáilithe le haghaidh IHR á gcur san áireamh.

### Ceapachán tar éis scor de bharr drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn lena n-iarratas tríd an gcomórtas, ba chóir go mbeadh an t-iarratasóir ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

1. Má mheastar a bheith oiriúnach chun seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus go sanntar iad do phost, scoirfidh a bpinsean drochshláinte státseirbhíse.
2. Má theipeann ar an iarratasóir ina dhiaidh sin promhadh a chríochnú nó má chinneann sé/sí a phost sannta a fhágáil, ní féidir aisiompú ar stádas IHR na státseirbhíse, ná pinsean IHR na státseirbhíse a athchur, a bhí ann roimh an iarratas agus níl teidlíocht ann dó.
3. Tioctaidh an t-iarratasóir chun bheith ina bhall de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar é má bhí sos sa tseirbhís phoiblí/shibhialta inphinsin de níos mó ná 26 seachtaine aige.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil faisnéis níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsean drochshláinte státseirbhíse nó seirbhíse poiblí ar fáil [tríd an nasc seo](#) nó ar iarratas chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

## **Fabhrú Pinsin**

Teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i dtreo an phinsin i gcás ina raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (s.é. neamh-Scéim Aonair) de réir Acht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon cheapaí a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

## **Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise**

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017. **Nóta;** Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a theastaíonn faoi rialacha do scéime pinsin.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair féach le do thoil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: [www.singlepensionscheme.gov.ie](http://www.singlepensionscheme.gov.ie)

## **Rúndacht, Discréid agus Caighdeán Iompraíochta: Rúndacht agus Macántacht Oifigiúil:**

Le linn théarma an chonartha phromhaidh, beidh oifigeach faoi réir ag Forálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2014. Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdaráithe le linn na tréimhse fostaíochta nó ina dhiaidh sin.

## **Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse**

Beidh an ceapaí faoi réir ag Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

## **Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:**

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, nuair is iomchuí, maidir leis an gceapachán seo.

## **Faomhadh roimh ré maidir le foilseacháin:**

Comhaontóidh oifigeach gan ábhar a bhaineann lena dhualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ó Chathaoirleach an Údaráis nó ó oifigeach údaraithe iomchuí eile.

## **Gníomhaíocht Pholaitiúil:**

Le linn théarma na fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacha lena rialaítear seirbhísigh phoiblí agus an pholaitíocht.

## **Tabhair faoi deara:**

Mar Fhostóir Roghnach tá go leor polasaithe oibre solúbtha atá oiriúnach don teaghlach ag an Státseirbhís, lena n-áirítear roinnt deiseanna cianoibre. Tabhair faoi deara le do thoil, féadfaidh iarrthóirí rathúla deiseanna oibre solúbtha a iarraidh, áfach, is faoi rogha an fhostóra é seo agus socraítear é de réir riachtanais ghnó na heagraíochta, agus ar bhonn cás ar chás.

**Is ionann an méid thuas agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe le bheith ina liosta uilechuimsitheach de théarmaí agus de choinníollacha uile na fostaíochta a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir rathúil.**

## AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN

---

### Conas iarratas a dhéanamh:

Ba cheart iarratais a dhéanamh trí r-phost chuig [Recruitment@dppireland.ie](mailto:Recruitment@dppireland.ie)

Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú go hiomlán. Mura ndéantar an t-iarratas a chomhlánú mar atá leagtha amach san alt seo d'fhéadfadh an t-iarratas a bheith ar neamhní.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.

### Dáta Deiridh

Caithfear d'iarratas a chur isteach trí r-phost tráth nach déanaí ná **3:30 in, Dé hAoine 21 Deireadh Fómhair 2022**. Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig ó iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le: Yvonne Corrigan (087) 227 5029 nó James Evans (087) 169 9098 nó [Recruitment@dppireland.ie](mailto:Recruitment@dppireland.ie)

Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil sé/sí ag fáil gach cumarsáid ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Ní ghlacann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí aon fhreagracht as cumarsáid nach ndéanann iarratasóir rochtain air/uirthi nó nach bhfaigheann sé/sí

Tá sé de fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a shonraítear ar an bhfoirm iarratais cruinn.

## An Próiseas Roghnúcháin

---

Ba cheart d'iarratasóirí machnamh go cúramach ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí seo a bhaineann leis an ról. Is é leas gach iarratasóra a chinntiú go dtugann a fhoirm/foirm iarratais cuntas mionsonraithe cruinn ar thaithí, inniúlachtaí, éachtaí agus cáilíochtaí.

Breithneofar an fhaisnéis a sholáthraítear san fhoirm iarratais seo le linn na gcéimeanna éagsúla den phróiseas roghnúcháin mar seo a leanas:

### Incháilitheacht a Chinneadh

Seiceálfar iarratais chun a fháil amach ar comhlíonadh na ceanglais incháilitheachta atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí.

### Gearrliostú

Iarrfar ar líon iomchuí iarrthóirí agallamh a dhéanamh. Ceapfar Bord Gearrliosta, ar a mbeidh comhaltaí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ball seachtrach, chun gearrliosta a dhéanamh de na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh dul faoi agallamh.

Agus cinneadh á dhéanamh ar cheart iarrthóirí a chur ar ghearrliosta, scrúdóidh an Bord Gearrliosta foirm iarratais iarrthóra agus déanfaidh sé an t-ábhar seo a mheas i gcoinne na gceanglas maidir leis an ról mar atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise, agus na hiarrthóirí is fearr a léirigh gur chomhlíon siad na riachtanais don ról a aithint.

## Ceann an Aonaid um Bheartas Ionchúisimh & Taighde in Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí

D'fhonn a bheith ar an ngearrliosta, beifear ag súil go mbeidh fianaise mhaith ann chun a thaispeáint conas a chomhlíonann an t-iarrthóir an Riachtanas Riachtanach agus na Ceanglais Inmhianaithe atá leagtha amach ar leathanach 4 den Leabhrán Faisnéise seo agus na hInniúlachtaí atá mar atá leagtha amach in Aguisín 1 den Leabhrán Faisnéise seo.

### Agallamh

Ceapfar Bord Agallaimh, ar a mbeidh comhaltaí ó Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí agus comhalta seachtrach. Ag an agallamh, féadfaidh an Bord Agallaimh iarrthóirí a cheistiú faoina gcuid eolais agus taithí a bhaineann le haon cheann de na hinniúlachtaí nó de na riachtanais riachtanacha nó inmhianaithe mar atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise agus faoi aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil ina n-iarratas.

Féadfaidh ballraíocht na mbord roghnúcháin a bheith difriúil ag céimeanna éagsúla an phróisis roghnúcháin.

Déanfar agallaimh don chomórtas seo go pearsanta a mhairfidh thart ar 40 nóiméad.

Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta(i) atá sonraithe ag Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí.

### Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Iarrtar ar iarrthóirí faoi mhíchumas ar mhaith leo leas a bhaint as socruithe réasúnta tuairisc shíceolaí/leighis a chur isteach. Is é cuspóir na tuarascála faisnéis a sholáthar d'Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí le cur ar a gcumas na socruithe réasúnacha a sholáthar, nuair is cuí.

### Scéim Mharcála

Bronnfar na marcanna a thaispeántar sa Leabhrán Faisnéise agus ábhar na foirme iarratais agus an agallaimh á gcur san áireamh.

Déanfar measúnú ar gach iarratasóir faoi na cúig cheanteideal atá léirithe sa tábla thíos. Agus marcanna á mbronnadh, tabharfaidh an bord roghnúcháin aird ar a bhfuil san fhoirm iarratais agus ar fhreagraí ag an agallamh.

Scéim Mharcála	Mark
1. Eolas Dlí Coiriúil, Saineolas agus Féinfhorbairt	100
2. Scileanna Breithiúnais agus Cinnteoireachta	100
3. Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí	100
4. Ceannaireacht agus Treorú Straitéiseach	100
5. Caidrimh a Fhorbairt agus Cumarsáid	100
<b>IOMLÁN</b>	<b>500</b>



**Leagann an fhoirm iarratais béim ar na teorainneacha focal i Roinn 3 - Riachtanais an Phoist (300 focal in aghaidh an tábla). Má sháraíonn iarratas an teorainn focal féadfar é a mheas neamh-incháilithe lena bhreithniú.**

Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí ar a laghad leath de na marcanna atá ar fáil i ngach ceann de na ceanteidil dá dtagraítear thuas a fháil.

Is féidir le hiarrthóirí leas a bhaint as taithí oibre ábhartha agus/nó eispéiris a fuarthas lasmuigh dá dtaithe oibre lena gcumas nó lena n-acmhainneacht a léiriú.

### **Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

### **Imréiteach Slándála**

Má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin, beidh ort foirm ríomh-ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Cuirfear an fhoirm seo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ina raibh cónaí ort. Sa chás nach n-éiríonn le d'iarratas ar an gcomórtas, scriosfar an fhoirm seo agus ní choinneoidh an Oifig aon taifead.

Má tá cónaí ort i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos mó, tá sé éigeantach duit Deimhniú Imréitigh Póilíní a sholáthar ó na tíortha sin ag rá nach bhfuil aon chiontuithe taifeadta i do choinne agus tú i do chónaí ann. Teastaíonn Deimhniú Imréitigh Póilíní ar leith do gach tír ina bhfuil cónaí ort. Ní mór an t-imréiteach a bheith dátaithe tar éis an dáta a d'fhág tú an tír. Is ortsa atá an fhreagracht imréiteach slándála ar bith a lorg do dhlínsí eile (má bhaineann) go tráthúil mar go dtógfaidh sé roinnt ama. Ní féidir thú a cheapadh gan an fhaisnéis seo a bheith curtha ar fáil agus a bheith in ord.

Ba cheart go mbeadh a fhios ag iarrthóirí gur féidir aon fhaisnéis a fhaightear i bpróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chur ar fáil don údarás fostaíochta.

### **Teistiméireachtaí**

Bheadh sé úsáideach dá dtosódh tú ag smaoineamh ar ainmneacha na ndaoine a bheadh mar mholtóirí oiriúnacha, d'fhostóir reatha san áireamh agus go bhféadfaimis dul i gcomhairle leo (3 ainm agus sonraí teagmhála). Ba chóir go mbeadh na moltóirí in ann faisnéis réasúnta le déanaí a sholáthar ar do fheidhmíocht agus ar d'iompraíocht i gcomhthéacs oibre. B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú a bheidh in ann faisnéis den sórt sin a sholáthar ó dhearcaí éagsúla nó i gcomhthéacsanna éagsúla oibre. Bí cinnte le do thoil nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach go díreach roimh duit coinne a thairiscint duit, má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin.

### **Eolas tábhachtach eile**

Ní bheidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí freagrach as aon chostais a thabhoídís iarrthóirí a aisíoc.

Ní ghlacfar leis go gciallaíonn iontráil duine chuig comórtas, nó cuireadh chun freastal ar agallamh, go bhfuil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sásta go gcomhlíonann an duine sin ceanglais an chomórtais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir an dlí ón bpost a shealbhú agus nach bhfuil ráthaíocht ann go ndéanfar breithniú

breise ar d'iarratas. Tá sé tábhachtach, mar sin, duit a thabhairt faoi deara go bhfuil an dualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas roimh duit freastal ar agallamh.

Sula gceapfar iarrthóir mar Cheann an Aonaid um Bheartas Ionchúisimh agus Taighde, déanfaidh Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí gach fiosrúchán a mheasfar is gá chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta lena n-áirítear imréiteach slándála curtha i gcrích go hiomlán ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a thabhairt go ndéanfar cinneadh dá leithéid.

Má dhiúltaíonn an té a mholtar don cheapachán, nó má ghactar leis, é a scar nó má thagann folúntas breise chun cinn féadfaidh an Bord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

## **Ceartha Iarrthóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin**

Déanfaidh Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir fhorálacha na gcód cleachtais arna bhfoilsíú ag an CPSA. Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí <http://www.cpsa.ie/>

Nuair a bhíonn iarrthóir míshásta le gníomh nó cinneadh maidir le hiarratas, féadfaidh sé/sí athbhreithniú a lorg faoi Alt 7 den Chód Cleachtais: -

- Ní mór don iarrthóir ac(h)uid inmí maidir leis an bpróiseas a phlé i scríbhinn, ag leagan amach bunús an ghearáin atá á dhéanamh, chuig an Oifigeach Pearsanra, Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí, ar an gcéad dul síos. Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ó fhógra an chinnidh tosaigh nó laistigh de 5 lá oibre ó thoradh na céime athbhreithnithe neamhfhoirmiúla, má bhaintear leas as.
- Mar sin féin, i gcás ina mbaineann an cinneadh atá á chur in iúl le céim eatramhach de phróiseas roghnúcháin, ní mór iarratas ar athbhreithniú a fháil laistigh de 4 lá oibre ón dáta a bhfuarthas an cinneadh nó laistigh de 2 lá oibre ó chinneadh a fháil faoin bpróiseas neamhfhoirmiúil; ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an próiseas neamhfhoirmiúil a úsáid ag an gcéim eatramhach é sin a dhéanamh laistigh de 2 lá oibre ón dáta a chuirtear an cinneadh in iúl dóibh.
- Agus an toradh á chur in iúl don iarrthóir, a dhéanfar trí thuairisc scríofa, ba chóir don athbhreithneoir tosaigh a chur in iúl go bhféadfaidh sé/sí athbhreithniú breise a lorg tríd an ábhar a chur faoi bhráid an Eadránaí Cinnidh agus nach mór iarratas a dhéanamh laistigh de 7 lá oibre tar éis toradh an athbhreithnithe tosaigh a fháil.

Sa chás go gcreideann iarrthóir gur sháraigh gné den phróiseas cóid cleachtais an CPSA, féadfaidh an CPSA fiosrú a dhéanamh air faoi Alt 8 den chód.

## Oibleagáidí na nIarrthóirí

---

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad má dhéantar canbhásáil agus go n-eisiafar iad ón bpróiseas dá bharr.

### Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama
- aon duine a chanbhásáil trí mhealltaí a thabhairt nó gan mealltaí a thabhairt
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas.

Tá aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chuidíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Dlitear féineáil/nó príosúnacht a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i gcion.

Ina theannta sin, sa chás go raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina iarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- sa chás nach bhfuil sé/sí ceaptha do phost, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- i gcás ina mbeidh sé/sí ceaptha ina dhiaidh sin chuig an bpróiseas earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

## Iarrthóireacht a Mheas le Bheith Tarraingthe Siar

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallaimh nó ar thástálacha eile ag am agus ag ait arna n-iarraidh ag Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí, nó nach gcuireann a leithéid d'fhianaise ar fáil, nuair a iarrtar orthu sin a dhéanamh, agus a theastaíonn ón Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le hábhar ar bith atá ábhartha dá n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh eile ar bhreithniú acu.

## Aiseolas

Cuirfear aiseolas ar fáil ar iarratas scríofa.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí

---

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead i d'ainm, ina bhfuil go leor den fhaisnéis phearsanta a sholáthair tú. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Tá faisnéis dá leithéid faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí. Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig:

**An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí, Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7**, ag cinntiú go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid a lorgaíonn tú le cur ar ár gcumas an taifead ábhartha a aithint.

## Aguisín1: Inniúlachtaí

Beidh an t-eolas, an taithí, an scil, an ghnóthachtáil nó an inniúlacht ábhartha ag an iarrthóir rathúil a léiríonn go soiléir a (h)oiriúnacht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin Cheann Aonaid um Bheartas Ionchúisimh agus Taighde in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

### Eolas Dlí Coiriúil, Saineolas agus Féinfhorbairt

- Eolas ar an dlí agus cleachtas coiriúil agus ar an gcóras ceartais choiriúil;
- Forbraíonn agus cothaíonn sé scileanna agusaineolas thar roinnt réimsí a bhaineann lena c(h)uid réimse agus atá aitheanta ag daoine laistigh agus lasmuigh den Roinn / Eagraíocht;
- Coinníonn sé suas chun dáta le príomhbheartais ranna, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus treochtaí eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta a mbíonn tionchar acu ar an ról
- A bheith réamhghníomhach maidir le coinneáil suas chun dáta ar shaincheisteanna agus ar phríomhfhorbairtí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a gceantar féin;
- Coinnítear fócas láidir ar fhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis.

### Scileanna Breithiúnais agus Cinnteoireachta

- Aithníonn agus díríonn sé/sí ar shaincheisteanna lárnacha agus é/í ag déileáil le faisnéis / cásanna casta;
- Fíorais a chur le chéile, ionramháil eolas briathartha agus uimhriúil agus smaoiníonn trí cheisteanna go loighciúil;
- Feiceann sé/sí na caidrimh idir saincheisteanna agus tuigeann sé/sí go tapa na himpleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitiúla;
- Aithníonn sé/sí réitigh chomhleanúnacha ar shaincheisteanna casta;
- Gníomh a dhéanamh, cinntí a dhéanamh go tráthúil agus an misneach a bheith acu iad a thabhairt chun críche;
- Déanann sé/sí cinntí fóna eolasacha, a thuigeann a dtionchar agus a n-impleachtaí;
- Féachann sé/sí le cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir na saincheisteanna earnála, na heilimintí polaitiúla agus an tionchar ar an saoránach i ngach cinneadh;

### Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí

- Tionscnaítear agus glacann sé/sí freagracht phearsanta as torthaí / seirbhísí a sheachadadh ina réimse féin;
- Déanann sé/sí straitéis agus sonraí oibriúcháin a chothromú chun freastal ar riachtanais ghnó;
- Bainistíonn sé/sí cláir oibre agus tascanna iolracha agus athdháileann sé/sí acmhainní chun athruithe ar fhócas a bhainistiú;
- Baineann sé/sí an úsáid is fearr is féidir as acmhainní agus cuireann sé/sí bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun cuspóirí a bhaint amach;
- Cinntíonn sé/sí go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as ICT agus as samhlacha nua seachadta;
- Athbhreithniú criticiúil ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí chun a n-éifeachtacht a chinntiú agus go gcomhlíonann siad riachtanais na hEagraíochta;
- Cothaíonn sé/sí an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlachtaí, le luach ar airgead agus le ceanglais rialachais chorparáidigh a chomhlíonadh;
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil an fhoireann dírithe agus go ngníomhaíonn siad ar thosaíochtaí pleananna Gnó, fiú nuair a bhíonn brú orthu;

### Ceannaireacht agus Treorú Straitéiseach

- Treoraíonn sé/sí an fhoireann, ag leagan síos ardchaighdeáin, ag dul i ngleic le haon fhadhbanna feidhmíochta & ag éascú ardfeidhmíochta;
- Éascaítear malartú smaointe oscailte agus cothaítear atmaisféar cumarsáide oscailte;
- Cuidíonn sé/sí le múnú straitéis agus beartas na Roinne / Rialtais;
- Forbraíonn sé/sí cumas agus acmhainn ar fud na foirne trí tharmligean éifeachtach;
- Forbraíonn sé/sí cultúr foghlama & forbartha, ag tairiscint cóitseála agus aiseolas cuiditheach / tacúil;
- Tugann sé/sí ceannaireacht maidir le hullmhúchán agus cur i bhfeidhm athruithe agus athchóirithe.
- Réamh-mheas agus freagairt go tapa ar fhorbairtí san earnáil / timpeallacht níos leithne;
- Comhoibríonn sé/sí go gníomhach le Ranna, Eagraíochtaí agus Gníomhaireachtaí eile;

### Caidrimh a Fhorbairt agus Cumarsáid

- Labhraíonn agus scríobhann sé/sí ar bhealach soiléir, deisbhéalach agus éifeachtach.
- Éistean sé/sí go gníomhach, ag iarraidh peirspictíocht agus seasamh daoine eile a thuiscint;
- Coinbhleachtaí / easaontais a bhainistiú agus a réiteach ar bhealach dearfach cuiditheach;
- Oibríonn sé/sí go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, ag aithint agus ag bainistiú teannais a eascraíonn ó dhearcthaí éagsúla na bpáirtithe leasmhara;
- Daoine eile a chur ina luí; cothaíonn sé/sí comhdhearcadh, faigheann sé/sí comhoibriú ó dhaoine eile chun faisnéis a fháil agus chun spriocanna a bhaint amach;
- Téann sé/sí i dteagmháil go réamhghníomhach le comhghleacaithe ag gach leibhéal den eagraíocht agus thar Ranna/Eagraíochtaí eile agus tógann sé/sí líonraí gairmiúla láidre;
- Cuireann sé/sí tuairimí in iúl nuair a mhothaíonn sé/sí go bhfuil sé ceart é sin a dhéanamh;